2010. M49T

**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**

SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2010

**SCRÍOBH DO SCRÚDUIMHIR ANSEO** ☛

# CEOL – GNÁTHLEIBHÉAL
## CUMADÓIREACHT (100 marc)
## DÉARDAOIN 24 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA 3.15–4.45

STAMPA AN IONAID

**DON SCRÚDAITHEOIR**

Móriomlán na marcanna

| CEIST | MARC | | | |
|---|---|---|---|---|
| 1 | | | | |
| 2 | | | | |
| 3 | | | | |
| 4 | | | | |
| 5 | | | | |
| 6 | | | | |
| IOM | | | | |
| GRÁD | | | | |

## TREORACHA D'IARRTHÓIRÍ

- ❒ *Scríobh do scrúduimhir, mar a iarrtar, sa bhosca thuas.*
- ❒ *Freagair na ceisteanna sna spásanna atá ann dóibh sa fhreagarleabhar seo.*
- ❒ *Is féidir na spásanna i lár agus i ndeireadh an fhreagarleabhair a úsáid do shracobair.*

| | |
|---|---|
| **1. Iomlán na n-iomlán bun leathanaigh** | |
| **2. Móriomlán na gceisteanna dícheadaithe uile** | |
| **3. Marc iomlán a bronnadh (1 lúide 2)** | |

**LEATHANACH BÁN**

**Freagair DHÁ cheist – Ceist AMHÁIN as Roinn A (Cumadóireacht Séise) agus ceist AMHÁIN as Roinn B (Armóin)**

## ROINN A – CUMADÓIREACHT SÉISE (40 marc)

GAN ACH CEIST AMHÁIN *a fhreagairt sa roinn seo: C1 nó C2 nó C3. Tabhair faoi deara go bhfuil dhá roinn i gC1 agus i gC3.*

### C.1 LEANÚINT D'OSCAILT A THUGTAR

I gcás (a) *agus* (b) araon,

- Lean ar aghaidh leis an oscailt a thugtar chun séis ocht mbarra a dhéanamh, ag críochnú ar an ngléasnóta, is é sin, dó.
- Cuir comharthaí mírithe agus mothúchán cuí leis an tséis.
- Roghnaigh uirlis oiriúnach do gach ceann de na séiseanna atá agat as an liosta a thugtar.

(a) ❒ cláirnéid ❒ fliúit ❒ veidhlín ❒ trumpa




*AGUS*

(b) ❒ trumpa ❒ veidhlín ❒ óbó ❒ cláirnéid




**(40)**

**C.2 CEOL A CHUR LE TÉACS A THUGTAR**

Seo a leanas sliocht as an dán *An Fear Bréige* le hÉamonn Ó Tuathail.

Ó féach an fear bréige

’na sheasamh sa ghort

A shean-hata pollta

A chóta beo bocht.

• Cuireadh rithim leis an dá líne thosaigh. Cum rithim a d’oirfeadh do na focail eile.





A shean - ha - ta poll - ta

A chó - ta beo bocht.

• Ag úsáid na rithime seo, cum séis ocht mbarra, a thosaíonn mar a thaispeántar agus a chríochnaíonn ar an ngléasnóta, is é sin, dó.

• Cuir comharthaí mírithe agus mothúchán cuí leis an tséis.




**(40)**

**C.3 CUMADÓIREACHT DO RITHIM NÓ DO MHEADARACHT NÓ D'FHOIRM DAMHSA A THUGTAR**

Freagair (a) *agus* (b).

(a) Déan staidéar ar an oscailt máirseála seo.

• Comhlánaigh an chéad mhír.

• Cum mír a fhreagraíonn di, a chríochnaíonn ar an ngléasnóta, is é sin, dó.

• Cuir comharthaí mírithe agus mothúchán cuí leis an tséis.

• Roghnaigh uirlis oiriúnach don tséis agatsa as an liosta seo a leanas:

☐ fliúit Shasanach fhorshéise ☐ veidhlín ☐ fliúit ☐ trumpa




*AGUS*

(b) Déan staidéar ar an oscailt minite seo.

• Comhlánaigh an chéad mhír.

• Cum mír a fhreagraíonn di, ag críochnú ar an ngléasnóta, is é sin, dó.

• Cuir comharthaí mírithe agus mothúchán cuí leis an tséis.

• Roghnaigh uirlis oiriúnach don tséis agatsa as an liosta seo a leanas:

☐ cláirnéid ☐ fliúit ☐ veidhlín ☐ óbó




**(40)**


**ROINN B – ARMÓIN (60 marc)**

GAN ACH CEIST AMHÁIN *sa roinn seo a fhreagairt:* C4 *nó* C5 *nó* C6

**C.4 CUMADÓIREACHT NÓTAÍ SÉISE AGUS DOIRD Ó SHRAITH CORDAÍ**


RÉAMHOBAIR

• Scríobh amach mórscála D ar an gcliath thíos:



• Rianaigh na cordaí atá ann sa ghléas seo (I, ii, IV, V agus vi) i ngreille an chordbhainc *nó* ar an gcliath thíos. Tugtar an chéad chorda.

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Nótaí an chorda | A<br>F♯<br>D | | C♯<br>A<br>F♯ | | | | G<br>E<br>C♯ |
| Siombail chorda | D | | F♯m | | | | C♯lagh |
| Uimhir Rómhánach | I | ii | iii | IV | V | vi | vii |




**SRACOBAIR**

• Deán staidéar ar an dréacht ceoil seo thíos.


• Ag úsáid na rithimí a thugtar, cuir isteach nótaí séise agus doird chun na dúntaí agus na réamhchordaí a chomhlánú mar seo a leanas:


(i) Ag A, dúnadh NEAMHFHOIRFE le réamhchorda (I—IV—V)


(ii) Ag B, dúnadh TÁNAISTEACH le réamhchorda (ii—IV—I)


(iii) Ag C, dúnadh BRISTE le réamhchorda (I—V—vi)

(iv) Ag D, dúnadh FOIRFE le réamhchorda (IV—V—I)








**(60)**

## C.5 DORDNÓTAÍ AGUS COMHARTHAÍ CORDA A CHUR ISTEACH AG POINTÍ DUNTA


RÉAMHOBAIR

• Scríobh amach mórscála F ar an gcliath thíos:



• Rianaigh na cordaí atá ann sa ghléas seo (I, ii, IV, V agus vi) i ngreille an chordbhainc *nó* ar an gcliath thíos. Tugtar an chéad chorda.

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Nótaí an chorda | C<br>A<br>F | | E<br>C<br>A | | | | B♭<br>G<br>E |
| Siombail chorda | F | | Am | | | | Elagh |
| Uimhir Rómhánach | I | ii | iii | IV | V | vi | vii |




**SRACOBAIR**

• Déan staidéar ar an dréacht ceoil seo thíos.

• Cuir isteach dordnótaí agus comharthaí corda oiriúnacha chun na dúntaí ag A, B, C agus D a chomhlánú.

• Is féidir úsáid a bhaint as siombailí corda *nó* as uimhreacha Rómhánacha, ach gan úsáid a bhaint astu araon.





**(60)**

**C.6 NÓTAÍ FORSHÉISE AGUS COMHARTHAÍ CORDA A CHUR ISTEACH AG POINTÍ DÚNTA**


RÉAMHOBAIR

• Scríobh amach mórscála G ar an gcliath thíos:



• Rianaigh na cordaí atá ann sa ghléas seo (I, ii, IV, V agus vi) i ngreille an chordbhainc *nó* ar an gcliath thíos.
  Tugtar an chéad chorda.

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Nótaí an chorda | D<br>B<br>G | | F♯<br>D<br>B | | | | C<br>A<br>F♯ |
| Siombail chorda | G | | Bm | | | | F♯lagh |
| Uimhir Rómhánach | I | ii | iii | IV | V | vi | vii |






**SRACOBAIR**


• Déan staidéar ar an dréacht ceoil seo thíos.


• Cuir isteach cordaí oiriúnacha agus nótaí forshéise ag A, B, C agus D chun na deirí míre a chomhlánú.

• Is féidir úsáid a bhaint as siombailí corda *nó* as uimhreacha Rómhánacha, ach gan úsáid a bhaint astu araon.




**(60)**

**LEATHANACH BÁN**

2010. M51T

**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**

SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2010

**SCRÍOBH DO SCRÚDUIMHIR ANSEO** ☛

# CEOL – GNÁTHLEIBHÉAL
## ÉISTEACHT (100 marc)
## DÉARDAOIN 24 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA 1.30–3.00

STAMPA AN IONAID

**DON SCRÚDAITHEOIR**

Móriomlán na marcanna

| CEIST | MARC | | | |
|---|---|---|---|---|
| 1 | | | | |
| 2 | | | | |
| 3 | | | | |
| 4 | | | | |
| 5 | | | | |
| 6 | | | | |
| IOMLAN | | | | |
| BÓNAS DON GHAEILGE | | | | |
| MÓRIOM | | | | |
| GRÁD | | | | |

## TREORACHA D'IARRTHÓIRÍ

- *Scríobh do scrúduimhir, mar a iarrtar, sa bhosca thuas.*
- *Sula dtosaíonn an scrúdú, éist go cúramach le sliocht na trialach. Mura féidir leat an taifeadadh a chloisteáil go soiléir, labhair leis an bhFeitheoir anois.*
- *Éist chun go gcloisfidh tú an ghíog rabhaidh agus na fógraí ar an taifeadadh.*
- *Is féidir do chuid freagraí a scríobh nuair is mian leat, le linn an taifeadta nó le linn na sosanna.*
- *Scríobh do chuid freagraí uile sa fhreagarleabhar seo sna spásanna atá ann dóibh. I gceisteanna a bhfuil rogha iontu, cuir tic sa bhosca cuí.*
- *Bain úsáid as na spásanna laistigh den chlúdach cúil don tsracobair.*
- *Ná tabhair aon pháipéir eile leat isteach i halla an scrúdaithe.*
- *Níl cead agat aon ní a rá, cnagadh ná crónán a dhéanamh ná canadh le linn an scrúdaithe seo.*

**C. 1** Trí shliocht as *Seachanges with Danse Macabre* le Deane.

- Seinnfear gach sliocht trí huaire. Tá sos fiche soicind ann idir gach babhta seanma den cheol sa cheist seo.
- Freagair na ceisteanna ar leathanach 3.

**Sliocht 1. Tá an ceol a sheinntear ar an bpianó priontáilte thíos.**



**Sliocht 2.**




**Sliocht 3. Níl aon cheol priontáilte ann don chuid seo.**

**Sliocht 1.**

(i) Baineadh an sliocht seo

☐ as an intreoir ☐ as an bpríomhshéis ☐ as Totentanz

(ii) Sainaithin **dhá** uirlis, seachas an piano, a chloistear sa sliocht seo.

1. _________________________ 2. _________________________

(iii) Sa sliocht seo is é a sheinntear ar an bpiano ná


☐ scálaí ☐ bloc-chordaí ☐ cordaí briste

**Sliocht 2.**

(i) Is í an uirlis ar a seinntear an tséis ag **X** ná

☐ an dordveidhil ☐ an veidhlín ☐ an marimba

(ii) Sainaithin an teicníocht uirlise a léirítear thíos agus ainmnigh uirlis amháin a bhfuil baint aige leis sa saothar seo.




Teicníocht: ☐ col legno ☐ armónaic ☐ pizzicato na ciotóige

Uirlis: ☐ dordveidhil ☐ fliúit ☐ pianó

(iii) Cé acu ceann de na cnaguirlisí seo a leanas a chloistear sa sliocht seo?

☐ crotales ☐ maracas ☐ dord-druma

**Sliocht 3. Níl aon cheol priontáilte ann don chuid seo.**

(i) Tá an tséis a chloistear sa sliocht seo bunaithe

☐ ar chillín 3 nóta ☐ ar chillín 5 nóta ☐ ar chillín 7 nóta

Seinntear í i stíl ☐ pizzicato ☐ staccato ☐ legato

(ii) Sa sliocht seo is é a sheinntear ar an bhfliúit ná

☐ nótaí athdhéanta ☐ cordbhraislí ☐ scálaí

(iii) Teicníocht chumadóireachta a mbaintear leas aisti sa saothar seo ná dealú. Mínigh é sin.

______________________________________________________

______________________________________________________

**(25)**

**C. 2** Seinnfear sliocht as *Symphonie Fantastique* le Berlioz TRÍ huaire.

- Tá sos fiche soicind ann idir gach babhta seanma den cheol sa cheist seo.
- Tá 32 barra sa sliocht ar fad. Tá breac-scór de na barraí 1–16 sa sliocht priontáilte thíos.




- Freagair na ceisteanna seo a leanas:

(i) Ainmnigh an ghluaiseacht as ar baineadh an sliocht seo _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

(ii) An téama a chloistear sna barraí 1–8 tá sé bunaithe ar

☐ airpéitse síos ☐ scála síos

☐ airpéitse suas ☐ scála suas

(iii) Is í an uirlis a chloistear den chéad uair ag **X** ar an scór ná

☐ fliúit ☐ basún ☐ cláirnéid

(iv) Sna barraí 17–32 den sliocht seo, seinntear an téama

☐ ar veidhlíní ☐ ar dhordveidhlí ☐ ar olldoird

Is í an tónúlacht sna barrraí seo ná

☐ mór ☐ mion ☐ módúil

(v) Sampla de cheol tuairisciúil é *Symphonie Fantastique* le Berlioz. Mínigh é sin.

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

**(10)**

**C. 3** Seinnfear sliocht as *Coinséartó don Phianó i Mórghléas A* K488 le Mozart TRÍ huaire.

- Tá sos fiche soicind ann idir gach babhta seanma den cheol sa cheist seo.
- Tá breac-scór de na barraí 1–8 sa sliocht priontáilte thíos.



- Freagair na ceisteanna seo a leanas:

(i) Baineadh an sliocht seo

☐ as an gcéad gluaiseacht ☐ as an dara gluaiseacht ☐ as an tríú gluaiseacht

Is é amchomhartha na gluaiseachta seo ná

☐ $\frac{2}{4}$ ☐ $\frac{3}{4}$ ☐ $\frac{6}{8}$ ☐ $\frac{4}{4}$

(ii) Ainmnigh uirlis **amháin** ar a seinntear an tséis ag tús an tsleachta. _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

Cén barra ina gcloistear an pianó den chéad uair? _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

(iii) Sna barraí 1–8, gné amháin den tionlacan ná

☐ rithim phoncaithe ☐ sioncóipiú ☐ tríphléidigh

(iv) Cén ceann **amháin** de na gnéithe seo a leanas a chloistear sa cheol i ndiaidh bharra 8?

☐ téaduirlisí pizzicato ☐ scálaí síos ☐ canóin

(v) Baineadh an sliocht seo as coinséartó pianó. Mínigh é sin.

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

**(10)**

**C. 4** Seinnfear sliocht as *She's Leaving Home* le John Lennon & Paul McCartney TRÍ huaire.

• Tá sos fiche soicind ann idir gach babhta seanma den cheol sa cheist seo.
• Tá na liricí priontáilte thíos.

1. Friday morning at nine o'clock she is far away.
2. Waiting to keep the appointment she made.
3. Meeting the man from the motor trade.
4. She (What did we do that was wrong?)
5. Is having (We didn't know it was wrong.)
6. Fun (Fun is the one thing that money can't buy)
7. Something inside that was always denied, (Bye, bye) for so many years.
8. She's leaving home. (Bye bye.)

• Freagair na ceisteanna seo a leanas:

(i) Is é amchomhartha an cheoil sa sliocht seo ná

❒ $\frac{2}{4}$ ❒ $\frac{3}{4}$ ❒ $\frac{4}{4}$

Is iad na huirlisí a chloistear sa sliocht seo ná

❒ téaduirlisí agus giotár ❒ téaduirlisí agus clárchruit ❒ téaduirlisí agus cláirseach

(ii) Ag deireadh líne 1, seinntear na veidhlíní agus na dordveidhilí

❒ in aoncheol ❒ i bhfrithghluaisne ❒ in ochtaigh

(iii) Sna línte 4–7, tá na guthanna ag canadh

❒ in armóin ❒ in aoncheol ❒ i gcuntraphointe

Mínigh do fhreagra go hachomair.

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

(iv) Tá an dúnadh ag deireadh an tsleachta

❒ foirfe ❒ tánaisteach ❒ neamhfhoirfe

(v) Tabhair sampla d'fhocaldathú mar a úsáidtear é in *She's Leaving Home*.

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

**(10)**

LEATHANACH BÁN

**C. 5 Ceol Gaelach**

Cloisfidh tú TRÍ shliocht, gach ceann díobh á sheinm TRÍ huaire. Tá sos fiche soicind ann idir gach babhta seanma den cheol sa cheist seo.

• Freagair na ceisteanna ar gach sliocht.

**Sliocht 1.**

(i) Is é an fonn damhsa a chloistear sa sliocht seo ná

❒ port ❒ ríl ❒ cornphíopa

(ii) Barra rithime tipiciúil a bhaineann leis an saghas seo damhsa ná

❒  ❒  ❒ 

(iii) Ainmnigh an uirlis a sheinntear sa sliocht seo. _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

**Sliocht 2**

(i) Ainmnigh uirlis **amháin** ar a seinntear an tséis sa sliocht seo. _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

(ii) Gné de sheinm na séise ná

❒ saor-rithim ❒ ornáidiú ❒ pizzicato

(iii) Cén **dá cheann** díobh seo a leanas atá le cloisteáil sa tionlacan?

❒ scálaí ❒ sioncóipiú ❒ cordaí planctha

❒ cuntrashéis ❒ cnaguirlisí ❒ athruithe gléis

**Sliocht 3**

(i) Tá an ceol sa sliocht seo á sheinm ag

❒ ceolfhoireann ❒ banna céilí ❒ grúpa traidisiúnta

(ii) Sa tionlacan ag an tús tá

❒ bodhrán ❒ sreangdhruma ❒ na cnámha agus na spúnóga

(iii) Sainaithin gné thraidisiúnta **amháin** den cheol a chloistear sa sliocht seo.

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

(iv) Sainaithin gné neamhthraidisiúnta **amháin** den cheol a chloistear sa sliocht seo.

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

**(25)**

**Beidh sos dhá nóiméad déag ann roimh an gcéad cheist eile.**

**C. 6 Scileanna Éisteachta.** Tá an cheist seo bunaithe ar THRÍ shliocht de phopcheol.


- Tá sos fiche soicind ann idir gach babhta seanma den cheol sa cheist seo.
- Freagair na ceisteanna ar gach sliocht.

**Sliocht 1**

- Seinnfear an iontreoir agus an chéad véarsa as *One Day I'll Fly Away* le Will Jennings/Joe Sample TRÍ huaire. Tá focail an véarsa amháin priontáilte thíos.

1. I make it alone
2. When love is gone
3. Still you made your mark
4. Here in my heart

(i) Cuir isteach na céithre nóta séise atá ar iarraidh ag **X** a sheinntear ar an óbó san iontreoir.




(ii) Sainaithin na huirlisí (seachas an pianó) a chloistear ag deireadh gach líne

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

Is é a sheinntear ar na huirlisí seo ná

☐ scálaí ☐ arpéitsí ☐ nótaí fada marthanacha

(iii) Sainaithin gné amháin de líne an ghutha sa sliocht seo.

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

**Sliocht 2**

- Seinnfear an iontreoir agus an chéad véarsa as *It's Not Unusual* le Les Reed/Gordon Mills TRÍ huaire. Tá na focail amháin priontáilte thíos.

1. It's not unusual to be loved by anyone
2. It's not unusual to have fun with anyone
3. But when I see you hanging about with anyone
4. It's not unusual to see me cry, I wanna die.

(i) Seinntear an figiúr rithimeach  san iontreoir. Cloistear é

☐ 6 huaire ☐ 7 n-uaire ☐ 8 n-uaire

(ii) Tá an tséis sna línte 1 agus 2

❒ díreach mar a chéile ❒ cosúil lena chéile ❒ iomlán éagsúil

(iii) Is í tónúlacht an cheoil a chloistear sa sliocht seo ná

❒ mór ❒ mion ❒ módúil

**Sliocht 3**

- Seinnfear an chéad véarsa de *Bridge Over Troubled Water* le Paul Simon TRÍ huaire. Tá na focail priontáilte thíos.

1. When you're weary, feeling small
2. When tears are in your eyes, I will dry them all
3. <u>I'm on your side,</u> oh, when times get rough
4. And friends just can't be found
5. Like a bridge over troubled water, I will lay me down
6. Like a bridge over troubled water, I will lay me down

(i) Ainmnigh an uirlis ar a seinntear an tionlacan sa sliocht seo. _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

(ii) Gluaiseann séis na bhfocal a bhfuil líne futhu i líne 3

❒ de réir léime ❒ de réir céime ❒ de réir céime agus léime

(iii) Is í uigeacht an cheoil sa véarsa seo ná

❒ monafónach ❒ homafónach ❒ ilfhónach

Mínigh é sin.

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

- Anois éist le sliocht níos deireanaí as an amhrán (véarsa 3) nach bhfuil priontáilte anseo. Seinnfear DHÁ UAIR é. Freagair (iv) thíos.

(iv) Sainaithin **dhá** dhifríocht idir véarsa 3 agus véarsa 1.

1. _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

2. _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

**(20)**

**Tá trí nóiméad agat chun an scrúdpháipéar a chríochnú.**

**LEATHANACH BÁN**